## Coinníollacha Ginearálta

### IONTRÁIL AR SCLÉIP

- Tá an comórtas oscailte do dhaltaí sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí agus aonaid lán-Ghaeilge amháin agus caithfidh gach iomaitheoir a bheith ag freastal go lánaimseartha ar cheann de na scoileanna sin.
- Ceadaítear do aon scoil suas le beirt iomaitheoirí/dhá ghrúpa a iontráil i ngach comórtas, (i.e. 2 Sóisear & 2 Sinsear). Ins na comórtais do ghrúpaí beidh cead ag duine ó rang sóisearach a bheith i ngrúpa sinsearach, an fhaid is nach mbíonn an duine sin páirteach sa chomórtas céanna sa rannóg shóisearach le grúpa eile. Áirítear daltaí idirbhliana mar dhaltaí sinsearacha. I dTuaisceart Éireann beidh an rannóg shóisearach oscailte do dhaltaí GCSE agus an rannóg shinsearach do dhaltaí A-Leibhéal.
- Is gá múinteoir ón scoil a bheith luaite mar theagmhálaí ar an bhfoirm iontrála. Is féidir le caomhnóir freastal ar an gcomórtas leis an iomaitheoir sa chás nach bhfuil an múinteoir ainmnithe ar fáil.
- Is tríd an ríomhphost is mó a choinneofar i dteagmháil leis na múinteoirí a bheas ag déileáil linn maidir le Scléip. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach seoladh ríomhphoist na scoile agus seoladh ríomhphoist an mhúinteora féin a bheith soiléir ar an bhfoirm iontrála. Ní roinnfear aon sonraí phearsanta le haon tríú páirtí.
- Glacfar le téama ar bith ach caithfidh liricí amhrán, míreanna sceitse, srl. a bheith in oiriúint do chomórtas scoile (ní cheadaítear píosaí ciníocha, díobhálacha, nimhneacha, srl).
- An dáta deiridh d'iontrálacha ná an Luan 19 Deireadh Fómhair, 2015.

### CUR CHUN CINN NA GAEILGE

- Tá an comórtas seo á reáchtáil trí mheán na Gaeilge agus is í an Ghaeilge teanga chumarsáide agus teanga fheidhmeach an chomórtais. Ní ghlacfar ach le míreanna trí Ghaeilge agus iarrtar ar mhúinteoirí agus ar chaomhnóirí a chinntiú go bhfuil Gaeilge á labhairt ag na rannpháirtithe le linn imeachtaí Scléip.
- Moltar go ndéanfadh múinteoirí léamh profaí ar liricí agus ar scripteanna.
- Déanfar dícháiliú ar éinne a úsáideann fuaimriain le liricí in aon teanga seachas i nGaeilge. Moltar leagan 'karaoke' a úsáid muna bhfuil ceol le liricí i nGaeilge oiriúnach.

**Dáta deiridh d'iontrálacha**
**19 Deireadh Fómhair, 2015**

## Ar an lá

- Is gá cloí le hord reatha an lae.
- Caithfidh gach mír a bheith laistigh den am atá ceadaithe.
- Iarrtar ar gach scoil bheith i láthair don chomórtas iomlán, oiread agus is féidir, agus a bheith mar lucht féachana nuair nach bhfuil siad ar stáitse.
- Ní cheadófar rannpháirtíocht tuismitheoirí nó múinteoirí ar an stáitse féin.
- Tá cead éide scoile nó gnáthéadaí a chaitheamh. Faoin scoil atá sé an cinneadh sin a dhéanamh.
- Is faoi na hiomaitheoirí atá sé aon fheisteas, uirlis cheoil, aimplitheoirí nó taca atá de dhíth orthu a eagrú.
- Má tá fuaimrian taca in úsáid ag iomaitheoirí, iarraimid orthu an dlúthdhiosca/ipod/fón póca nó eile a chur ar fáil don fhear fuaime go maith roimh ré. Tá sé tábhachtach an ceol a bheith ar dhá mheán éagsúla ar eagla go dteipfeadh ar cheann amháin.
- Tá cead frapaí láimhe a úsáid ach níl cead an stáitse a ghléasadh le seit.
- Cuirfear cathaoireacha agus bord ar fáil ar stáitse más gá.

## Moltóireacht

- Tógfaidh na moltóirí san áireamh an luach siamsaíochta a bhaineann le gach mír agus iad i mbun oibre. Mar threoir dóibh féin agus do na hiomaitheoirí, áfach, beidh an córas marcála thíos in úsáid acu. Ní chuirfear marcanna na moltóirí ar fáil d'éinne.
- Is féidir go mbainfear marcanna d'aon mhír a théann thar an uasmhéid ama atá luaite le gach comórtas.
- Luíonn an cinneadh deiridh maidir le buaiteoir(í) an chomórtais leis na moltóirí. Ní cheadófar aon chomhfhreagras leis na moltóirí maidir lena gcinneadh.
- Bronnfar áit sa chraobh ar bhuaiteoirí na réamhbhabhtaí. Bronnfar plaiceanna comórtha ar bhuaiteoirí na craoibhe.
- Cuirfidh Gael Linn fáilte roimh aiseolas i leith an chomórtais i ndiaidh na craoibhe.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Amhránaíocht Comhaimseartha** | Guth/ Guthanna 35 | Tionlacan 25 | Rithim 10 | Léiriú/Luach Siamsaíochta 20 | Rogha Amhráin 10 | **IOMLÁN 100** |
| **Ceol Comhaimseartha** | Scileanna Ceoil 50 | Léiriú/Luach Siamsaíochta 20 | Rithim 10 | Rogha Ceoil 20 | | **IOMLÁN 100** |
| **Slua-amhránaíocht** | Guthanna 40 | Léiriú/Luach Siamsaíochta 20 | Rithim 10 | Gluaiseachtaí 20 | Rogha Amhráin 10 | **IOMLÁN 100** |
| **Rince Cruthaitheach** | Scileanna Rince 30 | Cóiréagrafaíocht 30 | Oiriúint an Cheoil 20 | Léiriú/Luach Siamsaíochta 20 | | **IOMLÁN 100** |
| **Sceitse** | Script 35 | Aisteoireacht /Urlabhraíocht 35 | Léiriú/Luach Siamsaíochta 30 | | | **IOMLÁN 100** |



Scléip 2016

Gael Linn

## Is libhse an stáitse...

Is éard atá i *Scléip* ná comórtas tallainne spreagúil agus spraíúil atá dírithe go sonrach ar na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Cuireann sé béim ar na healaíona comhaimseartha agus ar chruthaitheacht agus ar chumadóireacht na rannpháirtithe. Tugann sé deis do dhaltaí iar-bhunscoile ceol, amhráin, cóiréagrafaíocht agus sceitsí nuachumtha a chur ar stáitse os comhair lucht féachana agus moltóirí proifisiúnta, in amharclanna ó cheann ceann na tíre.

Anuraidh ghlac Gael Linn ceannas ar *Scléip* den chéad uair agus fuaireamar an-chabhair ó fhoireann Gaelscoileanna. Bhíomar an-tógtha leis an tallann ar fad a chonaiceamar timpeall na tíre agus bhaineamar an-sásamh as na comórtais tríd is tríd. Chonaic muid go raibh tóir níos mó ar chomórtais áirithe agus cheapamar go raibh gá rialacha níos soiléire a leagan síos i gcomórtais eile. Chun freastal ar an spéis mhór atá ag daoine óga sa ghrúpamhránaíocht tá comórtas nua curtha ar an gclár againn i mbliana freisin, comórtas slua-amhránaíochta le fuaimrian taca.

Tá cead á thabhairt againn do scoileanna suas le beirt iomaitheoirí/dhá ghrúpa a iontráil i ngach comórtas, (i.e. 2 Sóisear & 2 Sinsear) seachas dhá iontráil ina iomláine mar a bhí ceadaithe anuraidh. Tá súil againn go méadóidh sé seo líon na n-iomaitheoirí ag na réamhbhabhtaí réigiúnacha.

Chuireamar na smaointe seo i láthair na múinteoirí a bhí páirteach linn anuraidh agus glacadh go fonnmhar leo.

Tá sé i gceist againn na réamhbhabhtaí agus an chraobh a bheith ar siúl ins na hionaid agus ar na dátaí thíosluaite. Tabhair faoi deara go mbeidh an chraobh ar lá scoile i mbliana seachas ar Shatharn, mar a bhí anuraidh. Bígí linn!

**Déardaoin, 12 Samhain:** Cultúrlann Uí Chanáin, Doire

**Dé hAoine, 20 Samhain:** An Taibhdhearc, Gaillimh

**Dé Máirt, 24 Samhain:** Amharclann Clasach, Cluain Tarbh, BÁC

**Dé Céadaoin 2 Nollaig:** Amharclann an Ionaid Óige, Mainistir Fhear Muí, Co. Chorcaí

**Déardaoin 4 Feabhra 2016 - Craobh na hÉireann:** Amharclann Clasach, Cluain Tarbh, BÁC.

An dáta deiridh d'iontrálacha ná **19 Deireadh Fómhair 2015!**

**Gael Linn**
**35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2.D02 H797**
**01 675 1200 eolas@gael-linn.ie www.gael-linn.ie**

# Scléip 2016




Foras na Gaeilge

## Is libhse an stáitse...

| Comórtas | | Ainm an Iomaitheora(í) nó an Ghrúpa/Grúpaí | |
|---|---|---|---|
| Amhránaíocht Comhaimseartha, le féintionlacan (Aonair) | Sóisear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |
| | Sinsear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |
| Amhránaíocht Comhaimseartha le féintionlacan (Grúpaí, idir 3 agus 8) | Sóisear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |
| | Sinsear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |
| Ceol Comhaimseartha (Aonair) | Sóisear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |
| | Sinsear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |
| Slua-amhránaíocht le fuaimriain taca (Grúpaí, idir 10 agus 20) | Sóisear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |
| | Sinsear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |
| Rince Cruthaitheach (Aonair) | Sóisear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |
| | Sinsear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |
| Rince Cruthaitheach (Grúpaí, idir 2 agus 10) | Sóisear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |
| | Sinsear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |
| Sceitse Nuachumtha (Grúpaí, idir 2 agus 10) | Sóisear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |
| | Sinsear | 1. | €10 |
| | | 2. | €10 |

Nóta: Ní gá eolas faoi ainmneacha amhrán, uirlisí, teidil píosaí srl. a chur isteach. Lorgófar iad sin uaibh roimh an réamhbhabhta.

**Iomlán Táille** (uasmhéid €50 d'aon scoil)

Dearbhaím go bhfuil rialacha an chomórtais léite agam agus go bhfuilim sásta glacadh leo thar ceann na scoile:

Síniú an Mhúinteora: ______________________ Dáta: ______________

**Tá bealaí éagsúla ann chun an táille a íoc linn, cuir (√) le do rogha:**

**1 CÁRTA CREIDMHEASA**

Cineál Cárta: ____________ (VISA, MASTERCARD nó eile)

Ainm ar an gcárta: ____________

Uimhir an chárta: ____________

Dáta Éaga: ____________

Na 3 dhigit dheireanach den uimhir CVC ____________

**2 LÓISTEÁIL I gCUNTAS BAINC GAEL LINN**

IBAN: IE59 AIBK 9310 1225 2290 57 BIC: AIBKIE2D

(Luaigh ainm na scoile leis an lóisteáil)

**3 ÍOC LE SEIC**

Seiceanna Iníoctha le Gael Linn agus iniata leis an bhfoirm seo

**4 BA MHAITH LINN GO gCUIRFEADH GAEL LINN SONRASC CHUIG AN SCOIL DON TÁILLE**

Sa chás seo seolfaidh Gael Linn sonrasc sa phost chuig an múinteoir i gceannas

Ainm na Scoile:

Seoladh na Scoile:

Ainm an Mhúinteora i bhfeighil ar Scléip:

Seoladh r-phoist an mhúinteora thuas:

Uimhir fóin póca an mhúinteora thuas:

Uimhir fóin na scoile:

**Seol chuig: Scléip Gael Linn, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2, DO2 H797 (roimh Dé hAoine, 19 Deireadh Fómhair, 2015)**

## 1. Amhránaíocht Aonair Chomhaimseartha, le féintionlacan (Sóisear agus Sinsear)

- Glacfar le hiomaitheoirí aonaracha amháin sa chomórtas seo, agus iad i mbun amhránaíochta le féintionlacan ceoil.
- Glacfar le liricí nuachumtha nó le liricí a aistríodh go Gaeilge. Moltar go láidir go ndéanfadh múinteoirí léamh profaí ar liricí.
- Cuirfear fáilte ar leith roimh saothar nuachumtha agus iarrtar ar na hiomaitheoirí a chur in iúl ón stáitse más saothar nuachumtha atá i gceist.
- Glacfar le stíl ceoil ar bith nach ceol traidisiúnta ná clasaiceach í: rac-cheol, popcheol, rap, srl. (Ní ghlacfar le ceol traidisiúnta nó clasaiceach sa chomórtas seo, ach bheadh eilimintí díobh inghlactha).
- Ní ghlacfar le fuaimrian taca sa chúlra ná le ceoltóir ar bith eile ar an stáitse.
- Glacfar le meascraí.
- Uasmhéid ama – ceithre nóiméad.

## 2. Grúpa Amhránaíochta Comhaimseartha, le féintionlacan (Sóisear agus Sinsear)

- Glacfar le grúpaí, ina bhfuil íosmhéid de 3 agus uasmhéid de 8, agus iad i mbun amhránaíochta le féintionlacan ceoil.
- Glacfar le liricí nuachumtha nó le liricí a aistríodh go Gaeilge. Moltar go láidir go ndéanfadh múinteoirí léamh profaí ar liricí.
- Cuirfear fáilte ar leith roimh saothar nuachumtha agus iarrtar ar na hiomaitheoirí a chur in iúl ón stáitse más saothar nuachumtha atá i gceist.
- Glacfar le stíl ceoil ar bith nach ceol traidisiúnta ná clasaiceach í: rac-cheol, popcheol, rap, srl. (Ní ghlacfar le ceol traidisiúnta nó clasaiceach sa chomórtas seo, ach bheadh eilimintí díobh inghlactha).
- Ní ghlacfar le fuaimrian taca sa chúlra.
- Glacfar le meascraí.
- Uasmhéid ama – ceithre nóiméad.

## 3. Ceol Aonair Comhaimseartha (Sóisear agus Sinsear)

- Glacfar le hiomaitheoirí aonaracha amháin sa chomórtas seo, agus iad i mbun ceoil aonair ar a rogha uirlise (m.sh. sax, pianó, giotár, giotár leictreach nó eile).
- Cuirfear fáilte ar leith roimh saothar nuachumtha agus iarrtar ar na hiomaitheoirí é a chur in iúl ón stáitse más saothar nuachumtha atá i gceist.
- Glacfar le stíl ceoil ar bith nach ceol traidisiúnta ná clasaiceach í: rac-cheol, popcheol srl. (Ní ghlacfar le ceol traidisiúnta nó clasaiceach sa chomórtas seo, ach bheadh eilimintí díobh inghlactha).
- Ní ghlacfar le fuaimrian taca sa chúlra ná le ceoltóir ar bith eile ar an stáitse.
- Glacfar le meascraí.
- Uasmhéid ama – ceithre nóiméad.

## 4. Slua-amhránaíocht le fuaimriain taca (Sóisear agus Sinsear)

- Glacfar le grúpaí, ina bhfuil íosmhéid de 10 agus uasmhéid de 20, agus iad i mbun amhránaíochta le fuaimrian tacaíochta ceoil amháin (gan liricí).
- Beifear ag súil le léiriú samhlaíoch ina mbeidh béim ar an ngrúpamhránaíocht (ensemble singing), chomh maith le gluaiseachtaí, feisteas srl. chun cur leis.
- Glacfar le stíl chomhaimseartha ar bith - racamhráin, popamhráin, rap, ceol tíre (C&W), nó amhráin ó na ceoldrámaí móra ar nós 'Cats', 'Phantom of the Opera', 'Wicked', srl.
- Glacfar le liricí nuachumtha nó le liricí a aistríodh go Gaeilge. Moltar go láidir go ndéanfadh múinteoirí léamh profaí ar liricí.
- Uasmhéid ama – cúig nóiméad.

## 5. Rince Cruthaitheach Aonair (Sóisear agus Sinsear)

- Glacfar le rince cruthaitheach de chineál ar bith sa chomórtas seo
- (Ní ghlacfar le rince ar an sean-nós, rince gaelach nó bailé ann féin ach glacfar le heilimintí díobh mar chuid de léiriú cruthaitheach).
- Glacfar le ceol beo nó le fuaimrian taca sa chúlra. Déanfar dícháiliú ar éinne a úsáideann fuaimriain le liricí in aon teanga seachas i nGaeilge. Moltar leagan 'karaoke' a úsáid muna bhfuil ceol le liricí i nGaeilge oiriúnach.
- Tá cead frapaí láimhe a úsáid ach níl cead an stáitse a ghléasadh le seit.
- Uasmhéid ama – cúig nóiméad.

## 6. Rince Cruthaitheach Grúpaí (Sóisear agus Sinsear)

- Glacfar le rince cruthaitheach de chineál ar bith sa chomórtas seo
- (Ní ghlacfar le rince ar an sean-nós, rince gaelach nó bailé ann féin ach glacfar le heilimintí díobh mar chuid de léiriú cruthaitheach).
- Glacfar le ceol beo nó le fuaimrian taca sa chúlra. Déanfar dícháiliú ar éinne a úsáideann fuaimriain le liricí in aon teanga seachas i nGaeilge. Moltar leagan 'karaoke' a úsáid muna bhfuil ceol le liricí i nGaeilge oiriúnach.
- Tá cead frapaí láimhe a úsáid ach níl cead an stáitse a ghléasadh le seit.
- Glacfar le grúpaí (beirt go deichniúr) sa chomórtas seo.
- Uasmhéid ama – cúig nóiméad.

## 7. Sceitse Nuachumtha (Sóisear agus Sinsear)

- Saothar nuachumtha amháin atá ceadaithe. Moltar go ndéanfadh múinteoirí léamh profaí ar scripteanna a bheadh scríofa ag daltaí.
- Moltar an bhéim a leagan ar an ngreann sa sceitse.
- Tá cead frapaí láimhe a úsáid ach níl cead an stáitse a ghléasadh le seit.
- Glacfar le ceol beo nó le fuaimrian taca sa chúlra.
- Glacfar le grúpaí aisteoirí (idir beirt agus deichniúr).
- Uasmhéid ama – deich nóiméad.

